

LEABHAR CINN LAE 1930

Aibreán	6	Ceolaire Sailighe Meangláin Meann tháin Caislín cloc
	11	Aibreán braonach dreoilín buachaill an dreoilín san ngarrdhaí
	15	Chiff Chaff Sgalltáin ag an lon
	26	Cuach Sgalltáin Smólaigh
1931		Ceolaire Sailighe 16 Fáinleóga ag déanamh nide Gealbhán buidhe
	23	Meanntán gorm – nead Smólach mór – nead
	29	Tradhnach
1932	13	Lon abhann ag ceol
	16	Fuiseog Gealbhain buidhe – an troid Aiteann faoi bhláth a gCrocán Buidhe
	22	Cathóg a bailiú slat
	30	Glasán darach
Aibreán		
1933	Ap. 12.	Faocha mhór cearc fraoich deoch do na cinn óga
	Bealtaine 2	lacha fhiadhain
1936	1	Bruach Coille na Forbacha
	16	An Pháirc
1924	19	Geabhaí fiadhaine
	20	Geabhaí fiadhaine
	21	Fionnóga
1926	9	Fainleoga neadracha sa sean túr neadracha meangláin gealbháin cátha
1928	11	nead smólaigh
	9	gealbháin giolcaighe
	12	chiff chaff

1935	13	fáinleoga a'cheol chiff chaff ceolaire gan ceol na Préacháin
	20	faocha mór oileán an Luighe geabhróga ar faghail éanacha aille ar fud an chuan turnstones ar an tráigh
	24	gealphíob meanglán dreoilín easpuig, meanntáin gorm i ngleann an Mháma gleoiséacha a bailiú sop druideacha cruadhógach pilibíní, crotacha, naosgaigh dá gcur ináirde ag gadhar sa riasgach

Imirce – chugainn

Márta	Caislín cloch, lon carraige, chiff chaff, Gabhlán gainimhe, ceolaire sailighe, Éan na seacht suan
Aibreán	Fainleóg Píobaire gainimhe, sailín Cuach Gabhán binne Gealphíob Geabhróga caislín aitinn Caolaire cíbe Tradhnach Gabhlán gaoithe Túirne lín Spotted flycatcher Crotach Samhraidh Ag imtheacht uainn Geabhaí fiadháine Feadóga glasa Faocha mhóir creabhair chaocha Druideoga Deargán sneachta Siocán Lachain rua.

neadracha

smólach mór Feab go dtí A.
smolach ceoil M-A

lon dubh M
lon carraige A
caislín cloch A
caislín dearg A
spideog
ceolaire sailighe A
dreoilín Easpuig A
dreoilín donn A
dreiolín mór A
lon abhainn M-A
meanntán fada A
meanntán mór A
m.gorm A
meannglái A
glasóg sráide A
glasóg liath A
riabhóg móna A

Brambling

Fuiseog rua na móna fuiseog na spéire an Bhéarla

? siskin (piobaire) A

gealbhán cátha A

gealbhán binne A

gleoiseach A

gealbhán buidhe A

gealbhán giolcoighe A

druid A

criostín A

coróg aille A

coróg liath A

corog breac A

sgréachóg roilighe A

na hUlagadáin A

leanbhaic 3. A

broigheall A

cailleach dhubh duibh éan A

gainéad A

ealaidheacha A

lachain

naosg A

crotach A

ladhrán dearg A

pilibín M-A

feadóg buidhe A

roilleach
faoileán glás A
faoileán an caipín A
an faoichean A
dhucaire A
cearc uisge A
cearc ceannann
colm agus feasán A
colm aille A
patruisge A
cearc fraoigh A

Aibreán braonach –ceol beagnach ina sheagh
Sa ngáirdín
Chugainn na h-éin andeas
as go bráthach leis na siucáin

Neadracha

1. na h-éin is luaithe
ár n-éanacha fhéin i nAibreán
2. (na h-éin bheaga ceoil)
na lachain fiadháine
crotacha
3. (1) éin chladaigh mall tar éis rabhartha mór na n-éan
Cés moite den roilleach agus f.ghlas
(2) éanacha imirce mall
(3) éanacha aille mall
an goinéad ar an sgéilg i nAibreáin.

Airighimuid buige na míosa braonaighe, an dá luach is a bhíos laethe na bó riaibhche caithte. Ní bréag mí bhraonach, a thabhairt ar an Aibreán. Mara ndéanaidh tú ach aghaidh a thabhairt ar an ubhallghort, béarfaidh an cíoith ort, agus marar gasúr ghan chiall thú bhéarfaidh tú an fasnadh ort fhéin. Ní chuireann an braon báistighe as do na héanacha mórán, mar chuireann an ghaoth. Leanann cuid aca don cheol, ní don fhátailt gan aon áird aca ar an gcioth. Ruaig an cíoith mé lá faoi'n tom mór eidhin, atá a' fás anuas ó bharr bhalla an gháirdín, a bhfuil an duilleabhar ann chomh dlúth le chéile nach leigeann sé grian ná braon tríd. B'éigean dom m'fhoighid a dhéanamh. Chuireas mo chúl le balla, go leiginn tharm an chioth. Bhí lon ar an mballa ag ceol i ngar dhom, agus é fliuch báite, ach bhí an fonn seanma chomh láidir, air nach n-éistfeadh sé leis an bhfearthann, ach lean sé dá phort.

Ní raibh sé chomh críonna liomsa, a thug an tom eidhin orm fhéin. Chualas glór beag dreoilín ag mo chosaibh, agus bhí sé annsin, faoi an sgeach spíonán, ag fátailt leis. Bhí timcheall na sgeiche dá dhéanamh aige, agus ina dhiadh aniar agus é fhéin a' fátailt chomh

maith. Bhí buachaill an dreoilín, (an riabhóg), is minic mar sin é i ndiadh an dreoilín, agus is ar an nós sin a baisteadh, buachaill an dreoilín ar.

Sgairt an ghrian chomh tobann is tháinig an cíoith, agus phreab mo chroidhe ar an bpointe, mar chualas ceol éin in áirde, agus chonnaiceas chugam andeas péire fháinleog, a bhí a filleadh ar an n-áit dhúchais. Ghabhadar thríd an ngáirdín agus aghaidh caol díreach ar an sean-túr a raibh nead aca anuraidh.

Mheabhruigh an ceol agus na fáinleoga dom, gur ghearr go mbeadh ceol na n-éan, ina sheagh, agus go raibh an imirce faoi lán tseóil, cheana fhéin. Bhéidh na héanacha imirce a'teacht ar séirse chugainn an mhí seo. Tá an caislín cloch againn le tamall, agus é tar éis na seacht suan, a chuir dhe, ó thus an Mhárta agus b'fhéidir go raibh corr-cheolaire sailighe againn roimh Lá Aibreáin agus an tif-teaf, ach is sa mhí seo a thig furmhór mhór n-éan nach bhfanann againn sa ngeimhreadh, na h-éanacha dúthchasacha a fhanas dílis dúinn sa ngeimhreadh, tá siad a ceol le fada. An lon, an dá smólach, an fhuiseog rua, an riabhóg, an dá ghlasóig, an dá easpuig, ach má tá, béidh a gceol a dhul i mbinneas as seo amach, le buige agus le cineáltas na h-aimsire, agus béidh méadú a'teacht ar an gcóir éanluighthe, do réir mar bhéas an sluagh andeas a'teacht dá neartú.

Ní féidir gan ceol an loin a aithneachtáil, ná gan ceol meidhreath an smólaigh cheoil a aithneachtáil, thar aon-phort an smólaigh mhóir. Tá a lán de na min-éanacha chomh fairsing go dtig le gach duine a bhfurmhóir a fheicéal agus a gceol a aithneachtáil chomh maith leo fhéin. Ach creidim gur beag duine a aithnigheas ceol íseal dreoilín easpuig, ná poirt bhinn éagsamhail na gealbhán léithe. Tá port rí-bhinn ag an nglasóig léith, agus seinnfidh sí a siubhal ar an t-sráid dí, nó ar bharr an tighe. Chuinfidh an domhain mór an fhuiseog rua (f. rua na móna), ach cé mhéad a aithneochas ceol an ghilphíob, a sheinneas agus í ar eilteoig, ná port an chaislín dhearg. Cluinfimid na héanacha imirce an dá luath is bhéas siad ar fághail. Ní chuireann dhá shiolla an tif teaif morán aris orainn, ach léimeann an croidhe i do lár nuair a chluineas tú den chéad uair san earrach, an ceolaire sailighe, agus beidh fáilte meadhon oidhche againn roimh an gceolaire cíbe. Cluinfidh beag agus mór cuach agus tradhnach agus an crotach samhraidh agus tá na trí éan seo, ceangailte inár gcuimhne, le cuimhne cúracht aeir is talmhan is coille agus le cuimhne séimhe aimsire, na míosa seo. Beidh na deoraidhthe geimhridh a rádh linn gach lá go bhfuilid ar fághail arís, fáinleog, an piobaire gainimh (sailín) cuach, gabhlán binne, gabhlán gaoithe, gilphíob, cairlín aitinn, ceolaire sailighe c. cíbe, tif teaif, tradhnach, túirne lín, geabhróg, crotach samhraidh.

Táimid idir dhá rabharta mhóra, sa mhí seo, rabharta mór na Féile Pádraic, nuair a thig na héanacha aille i dtír den fhairrge mhóir, agus rabharta mór na n-éan faoi Bhealtaine. Ní bhéidh nead ag éan tráighe, go mbeidh rabharta mór in n-éan caithte, mara ndéanaidh an roilleach nead sa duirling, ach ní nead trágha a bhíos aice, ná ag an duibhéan ach an oiread.

Maidir le neadracha, tá cruadhóg na nead, chomh mór le rádh i láthair na h-uaire, le ceol agus imirce. Seo í an mhí gur don chuid is mó, dár n-éanacha nach dtéigheann ar imirce. Má shiubhlann tú le bruach na coille, chidhfir an tom driseacha, agus an sgeach agus an crann beo le miondaoine na coille. Má thugann tú an phairce ort fhéin, chois claidhe nó fáil, cidfir

an bailcín sop, agus an seideachan ar siubhail, má ghabhair ar oileán locha, beidh naosg agus lacha feadhain, ag éirighe romhat, agus mara mbreathnuighir fút, siubhlaidh tú ar a gcuir ubh. An fhuiseog rua agus an riabhóg mhóna sa léanach. Tá an crotach agus an pilibín go cruadhógach ar an talamh sléibhe, agus níl an obair thart fós ag na préacháin ar na crainnte ná ag an snag breac.

Tá druideoga ag gleo agus ag obair faoi'n mbuintsileán agus na gealbhain bhinne ag bailiú so as clúmhaigh, dá n-árúis sa mbuntsop. Bhearr cara dom a' gearrán glas sa mhí seo, chaith sé an fionnadh amach thar chladhe. Chonnaic sé cuid den fhionnadh céadna, agus sé nead déag, ag na gealbhain, an mhí céadna.

Tá cuid mór de na healaí geimhridh nach ndéanaidh nead sa tír seo, nó go mbainidh siad amach a dtír dhúthchais féin. Na deargáin sneachtaidh, na siocáin sneachtaidh, na geabhaí fiadhain, an lacha rua, na creabhair chaocha, agus go leor druideog, feadóga glasa. Beidh siad ag imtheacht uainn, gan mórán mhoile.

An lucht faire a bhíos ar na tighthe soluis amisir imhirce éan, chídheann siad na mílte éan de gach cinéal, ar a mbealach andeas san earrach agus ar a mbealach as Éirinn arís sa bhfógmhar. Tá cinn talmhan agus oileán fhairrge, 'nar fhéidir na taistealaidhthe beaga a fheiceál gan gloine ná solus oidhche. Is féidir iad a fheiceál a leigean a sgithe sa lá nuair a bhéas na géabhaí fiadhaine ag imeacht ó thuaidh, i ndeire na míosa seo. Bheidh dubhadh na spéire díobh le feicéal ag gul thar Cheann Léime na Gaillimhe, ar feadh trí lá, agus bheidh dumhcha na Coille Brice beo le feadóga a chruinnigheas annsin, sul má thugaid aghaidh ar na réagúin reoidhte ó thuaidh.

Níl éan de sheacht n-óg an aeir, nach mbeidh ar gor roimh dheireadh na míosa – druideog, fuisseog, feadóg, glasóg, riabhóg, spideóg agus roilleóg.